2024/2942

11.12.2024

TREOIRLÍNE (AE) 2024/2942 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 14 Samhain 2024

maidir le comhdhéanamh, luacháil agus modúlachtaí le haghaidh aistriú tosaigh sócmhainní cúlchistí eachtracha, agus ainmníocht agus luach saothair éileamh coibhéiseach ag bainc cheannais náisiúnta na mBallstát sin a ghlac an t-airgeadra aonair an 1 Eanáir 1999 agus lena n-aisghairtear Treoirlíne BCE/2000/15 *(BCE/2024/34)*

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh, agus go háirithe do Airteagal 30 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 30.1 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Reacht' anseo feasta), ní mór do bhainc cheannais náisiúnta (BCNanna) na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu sócmhainní cúlchistí eachtracha suas le EUR 50 000 milliún a sholáthar don Bhanc Ceannais Eorpach (BCE). Cinneann Comhairle Rialaithe BCE an cionúireacht a ghlaofaidh BCE ar bhunú BCE agus na méideanna a ghlaofar níos déanaí. An 1 Eanáir 1999, ghlac 11 Bhallstát an euro, agus bhí ar a gcuid BCNanna na ranníocaíochtaí comhfhreagracha a sholáthar do BCE ina dhiaidh sin. Ní foláir na ranníocaíochtaí sin a shocrú i gcomhréir leis an scair i gcaipiteal suibscríofa BCE i gcomhréir le hAirteagal 30.2 den Reacht.

(2) Thairis sin, de bhun Airteagal 30.3 de Reacht ní mór do BCE éileamh, atá coibhéiseach leis na cúlsócmhainní eachtracha atá aistrithe aige chuig BCE, a chur chun sochair do gach BCN de chuid Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra aige agus cinnfidh Comhairle Rialaithe ainmníocht na n-éileamh sin agus a luach saothair.

(3) Ghlac an Chomhairle Rialaithe Treoirlíne BCE/1998/NP8 a leasaíodh ina dhiaidh sin ([1]) le Treoirlíne BCE/2000/15 chun méideanna euro-choibhéiseacha na gcúlsócmhainní eachtracha atá le haistriú chuig BCE a bhunú agus chun luach saothair éilimh chomhfhreagraigh arna chreidiúnú ag BCE do gach BCN rannpháirteach a shuí. Socraíodh luach saothair na n-éileamh sin ag ráta atá coibhéiseach le 85 % den ráta úis imeallach a úsáideann an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) ina phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin. Ón 1 Eanáir 2025, íocfar éilimh den sórt sin ag ráta atá coibhéiseach le 85 % den ráta tagartha mar a leagtar amach i gCinneadh (AE) 2016/2248 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/36) ([2]). Is iomchuí, dá bhrí sin, Treoirlíne BCE/2000/15 a aisghairm agus an Treoirlíne nua seo a ghlacadh ina hionad,

TAR ÉIS AN TREORLÍNE SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Treoirlíne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'airgead tirim' airgeadra dleathach na Stát Aontaithe (dollar na Stát Aontaithe) nó na Seapáine (yen na Seapáine);

(b) ciallaíonn 'sócmhainní cúlchistí eachtracha' urrúis, ór nó airgead;

(c) ciallaíonn 'ór' unsaí troí óir fhíneálta i bhfoirm barraí 'London Good Delivery', mar atá sonraithe ag an London Bullion Market Association;

([1]) Treoirlíne BCE/2000/15 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 1998 arna leasú le Treoirlíne an 16 Samhain 2000 maidir le comhdhéanamh, luacháil agus módúlachtaí aistrithe tosaigh sócmhainní cúlchiste coigríche, agus ainmníocht agus luach saothair éileamh coibhéiseach (IO L 336, 30.12.2000, lch. 114).

([2]) Cinneadh (AE) 2016/2248 ón mBanc Ceannais Eorpach an 3 Samhain 2016 maidir le cionroinnt ioncaim airgeadaíochta bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát a bhfuil an euro mar airgeadra acu (BCE/2016/36) (IO L 347, 20.12.2016, lch. 26).

(d) ciallaíonn 'Ballstáit rannpháirteacha' na 11 Bhallstát sin a ghlac an t-airgeadra aonair an 1 Eanáir 1999 i gcomhréir leis an gConradh;

(e) ciallaíonn 'BCNanna rannpháirteacha' bainc cheannais náisiúnta na mBallstát rannpháirteach;

(f) ciallaíonn 'urrúis' aon urrús incháilithe nó ionstraim airgeadais incháilithe arna sonrú ag BCE.

Airteagal 2

Aistrithe sócmhainní cúlchistí eachtracha ag BCNanna rannpháirteacha

1. Aistreoidh gach BCN rannpháirteach chuig sócmhainní cúlchistí eachtracha BCE i ndollair na Stát Aontaithe nó ainmnithe iontu, yen na Seapáine agus ór atá coibhéiseach leis na méideanna euro a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo.

2. Rinneadh méid dhollar na Stát Aontaithe, méid yen na Seapáine agus méid an óir (in unsa troí glan) atá coibhéiseach leis na méideanna euro atá leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoirlíne seo a ríomh ar bhonn na rátaí malairte idir an ECU agus dollar na Stát Aontaithe nó yen na Seapáine a bunaíodh mar thoradh ar an nós imeachta comhbheartaithe teileachomhdhála ag 11.30 a.m., am na Bruiséile, an 31 Nollaig 1998 i measc na mbanc ceannais sin a ghlac páirt sa nós imeachta sin agus, i gcás óir, ar bhonn phraghas dhollar na Stát Aontaithe ar ór in aghaidh unsa troighe mín a bunaíodh i socrú óir Londain ag 10.30 a.m., am Londain, an 31 Nollaig 1998. Dheimhnigh BCE na méideanna a ríomhadh amhlaidh do na BCNanna rannpháirteacha an 31 Nollaig 1998.

3. I gcomhréir le Treoirlíne BCE/2000/15, d'aistrigh gach BCN rannpháirteach punann urrús agus airgid i ndollar na Stát Aontaithe nó i yen Seapánach nó ainmnithe iontu chuig BCE laistigh de bhandaí diallta thart ar fhaid mhodhnaithe na bpunann tagarmhairc oirbheartaíochta mar a shonraigh BCE, agus i gcomhréir leis na teorainneacha creidmheasa sin a shonraigh BCE.

4. Shonraigh BCE na dátaí socraíochta d'urrúis agus d'airgead tirim a aistríodh chuig BCE. Thug gach BCN rannpháirteach treoracha maidir le húinéireacht urrús a aistriú agus maidir le hairgead tirim a aistriú chuig BCE ar na dátaí socraíochta. Ríomhadh luach na n-urrús go léir ar bhonn praghsanna a d'ainmnigh BCE, agus d'aistrigh gach BCN rannpháirteach urrúis agus airgead tirim chuig cuntais den sórt sin a shonraigh BCE.

5. D'aistrigh gach BCN rannpháirteach ór ar dhátaí den sórt sin, chuig cuntais den sórt sin agus ag cibé suíomhanna a shonraigh BCE.

Airteagal 3

Ainmníocht, luach saothair agus aibíocht na n-éileamh atá coibhéiseach le ranníocaíochtaí rannpháirteacha BCNanna

1. Tá an BCE tar éis éileamh ainmnithe i gcoibhéis euro a chur chun sochair gach BCN rannpháirtigh le méid comhiomlán euro gach BCN rannpháirtigh de shócmhainní cúlchistí eachtracha.

2. Tá luachanna comhiomlána coibhéise euro na sócmhainní cúlchistí eachtracha arna n-aistriú ag gach BCN rannpháirteach leagtha amach san Iarscríbhinn.

3. Íocfar an t-éileamh arna chreidiúnú ag BCE do gach BCN rannpháirteach ón dáta ar creidiúnaíodh an t-éileamh, ach ní íocfar é roimh an 1 Eanáir 2025. Déanfar an t-ús a fhabhrófar a ríomh ar bhonn laethúil, agus úsáid á baint as an modh ríofa iarbhír os cionn-360 lá, ag ráta atá coibhéiseach le 85 % den ráta tagartha mar a leagtar amach in Airteagal 1, pointe (j), de Chinneadh (AE) 2016/2248 (BCE/2016/36).

4. Íocfar an t-éileamh ag deireadh gach bliana airgeadais. Cuirfidh BCE na méideanna carnacha in iúl do na BCNanna ar bhonn ráithiúil.

5. Ní bheidh na héilimh infhuascailte.

Airteagal 4

Aisghairm

1. Aisghairtear Treoirlíne BCE/2000/15 le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm agus cur chun feidhme

1. Tiocfaidh an Treoirlíne seo i bhfeidhm an lá a dtabharfar fógra faoi do bhainc cheannais náisiúnta na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

2. Comhlíonfaidh bainc cheannais náisiúnta na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra acu an Treoirlíne seo ón 1 Eanáir 2025.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 14 Samhain 2024.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Méideanna Eurochoibhéiseacha de chúl sócmhainní eachtracha arna n-aistriú ag gach BCN rannpháirteach ar ghlac a Bhallstát an t-airgeadra aonair an 1 Eanáir 1999

Banc ceannais náisiúnta	Méideanna euro-choibhéiseacha de dhollar na Stát Aontaithe agus urrúis yen na Seapáine agus airgead tirim	Méid euro-choibhéis d'ór	Méideanna comhiomlána euro-choibhéiseacha sócmhainní cúlchiste eachtraigh
Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique	1 217 965 000	214 935 000	1 432 900 000
Deutsche Bundesbank	10 409 737 500	1 837 012 500	12 246 750 000
Banco de España	3 779 737 500	667 012 500	4 446 750 000
Banque de France	7 154 322 500	1 262 527 500	8 416 850 000
Central Bank of Ireland	361 080 000	63 720 000	424 800 000
Banca d'Italia	6 330 375 000	1 117 125 000	7 447 500 000
Banque centrale du Luxembourg	63 410 000	11 190 000	74 600 000
De Nederlandsche Bank	1 818 150 000	320 850 000	2 139 000 000
Österreichische Nationalbank	1 002 745 000	176 955 000	1 179 700 000
Banco de Portugal	817 360 000	144 240 000	961 600 000
Suomen Pankki	593 725 000	104 775 000	698 500 000
Iomlán	**33 548 607 500**	**5 920 342 500**	**39 468 950 000**